C/2025/6795

30.12.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/6795)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Uva da tavola di Canicattì'

Uimhir thagartha AE: PGI-IT-1537-AM01 — 2.10.2025

1. **Ainm an táirge**

'Uva da tavola di Canicattì'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Iodáil

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Bhiafhlaithis agus Foraoiseachta – Cur Chun Cinn na Cáilíochta Agraibhia (PQA) 1

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Is leasuithe caighdeánacha iad na leasuithe de réir bhrí Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 toisc nach gcuimsítear leo athrú ar an ainm, nach bhfuil an baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc ar neamhní agus nach bhfuil srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leo.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Airteagal 1 den tsonraíocht táirge. Teideal agus an t-ainm ceart cláraithe a chur isteach

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Tuairisc

Cuireadh teideal an airteagail ‘Ainm’ isteach ar mhaithe le comhsheasmhacht le leagan amach nua na sonraíochta táirge. Tugadh an t-ainm ina iomláine freisin, i.e. ‘Uva da tavola di Canicattì’, arna fhormheas le Rialachán (CE) Uimh. 2325/97 ón gCoimisiún an 24 Samhain 1997, (IO L 322, 25.11.1997, lch. 33).

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airteagal 2: Teideal a chur isteach agus athbhreithniú a dhéanamh ar an téacs

Tuairisc

Cuireadh an teideal ‘Tuairisc ar an táirge’ isteach in Airteagal 2 den tsonraíocht táirge.

Ina theannta sin, cuireadh an téacs seo a leanas le hAirteagal 2, tar éis é a aistriú ina iomláine ó iar-Airteagal 6 den tsonraíocht táirgthe:

Nuair a scaoiltear iad lena dtomhailt, ní mór na saintréithe seo a leanas a bheith i bhfíonchaora de chuid thásc geografach faoi chosaint ‘Uva da tavola di Canicattì’:

Triopaill: idir meánmhéid agus mór, cruth cóin/pirimide, scaoilte go hiomchuí, gan *millerandage*, aonfhoirmeach ó thaobh méide, crutha agus datha de agus droimín atá forbartha go comhchuí, sealgóg lignithe;

Caora: idir meánmhéid agus mór agus bíonn cruth sféaróideach/éileapsóideach orthu; bia briosc agus laíonach, milis ar a mbíonn dea-bholadh muscach éadrom agus blas deas;

Dath an chraicinn: ó dhath buí éadrom go dath buí órga na tuí; D’fhéadfadh roinnt spotaí beaga donna a bheith orthu.

Méid siúcra: ar a laghad 17 gcéim Brix.

Cuireadh eilimint eile lena dtugtar tuairisc ar dhath an chraicinn leis an téacs, i.e. ‘ceadaítear roinnt spotaí beaga donna a bheith orthu’, agus athraíodh an t-aonad ina sloinntear an méid siúcra ó chéimeanna Babo go céimeanna Brix.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airteagal 3 den tsonraíocht táirge. Teideal a chur isteach

Tuairisc

Cuireadh an teideal ‘Limistéar tionscnaimh’ le hAirteagal 3.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airteagal 4 den tsonraíocht táirge. Teideal a chur isteach agus leasú iomlán a dhéanamh ar an téacs

Tuairisc

Cuireadh an teideal ‘Cruthúnas ar thionscnamh’ le hAirteagal 4 den tsonraíocht táirge.

Rinneadh an méid seo a leanas ina iomláine a chur in ionad théacs an airteagail agus úsáideadh an téacs sin chun Airteagal 5 nua a dhréachtú:

Déantar faireachán ar gach céim den phróiseas táirgthe, agus déantar gach ionchur agus gach aschur a thaifeadadh. Áirithíonn sé sin inrianaitheacht táirgí, de réir mar is amhlaidh mar thoradh ar an gcomhlacht rialúcháin a bheith ag coimeád liostaí de na dáileachtaí talún ar an gclár talún ina ndéantar an táirgeadh, agus de tháirgeoirí agus de phacáisteoirí, agus mar thoradh ar fhógra a bheith á thabhairt don chomhlacht rialúcháin faoi na cainníochtaí a tháirgtear. Tá gach duine nádúrtha agus dlítheanach atá san áireamh sna liostaí ábhartha faoi réir seiceálacha ag an gcomhlacht rialúcháin i gcomhréir leis an tsonraíocht táirge agus leis an bplean rialaithe a bhaineann léi.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airteagal 5 den tsonraíocht táirge. Teideal a chur isteach agus leasú iomlán a dhéanamh ar an téacs

Tuairisc

Cuireadh an teideal 'Modh táirgthe' le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge.

Leasaíodh an téacs ina iomláine. Baineadh an téacs a bhí ann roimhe seo toisc nach bhfuil sé i gcomhréir le dlí an Aontais a thuilleadh, agus cuireadh téacs iar-Airteagal 4 ina ionad mar a leanas:

— tugadh na modhanna treoraithe ceadaithe cothrom le dáta;

— sonraíodh an líon uasta plandaí in aghaidh an heicteáir;

— déantar na hábhair atá oiriúnach chun na fíniúnacha a chumhdach chun an bhuaint a thabhairt chun cinn nó moill a chur uirthi, ag brath ar an gcrios aeráide atá i gceist, a shonrú sa téacs anois;

— baineadh na forálacha maidir le tréimhse na buainte agus leis an tréimhse mhargaíochta, toisc go mbraitheann siad sin anois ar bhaint amach na cáilíochta agus na saintréithe orgánaileipteacha a leagtar síos in Airteagal 2 den tsonraíocht táirge;

— maidir le prúnáil, cuireadh an focal *secca* (a thagraíonn do phrúnáil sa gheimhreadh) in ionad na bhfocal *in verde* (a thagraíonn do phrúnáil ghlas) chun earráid sa tseansonraíocht táirge a cheartú;

— sonraíodh na modhanna uiscithe;

— cuireadh isteach tagairt do chomhlíonadh na rialacha maidir le feirmeoireacht orgánach;

— méadaíodh an uastáirgeacht cheadaithe go 30 tona in aghaidh an heicteáir.

Dréachtaíodh an t-airteagal sin trí úsáid a bhaint téacs iomlán iar-Airteagal 4 cé is moite de na seacht líne dheireanacha, nach bhfuil i gcomhréir a thuilleadh le dlí an Aontais.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airteagal 6 den tsonraíocht táirge. Teideal a chur isteach agus leasú iomlán a dhéanamh ar an téacs

Tuairisc

Cuireadh an teideal 'Nasc leis an gcomhshaol' le hAirteagal 6 den tsonraíocht táirge.

Baineadh úsáid as téacs iomlán iar-Airteagal 6 chun Airteagal 2 a fhorlíonadh le saintréithe an táirge.

Dréachtaíodh an téacs nua trí úsáid a bhaint as an téacs iomlán faoi na ceannteidil 'Stair agus tionscnamh an táirge' agus 'Nasc leis an timpeallacht gheografach' ar an mbileog achomair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airteagal 7 den tsonraíocht táirge. Teideal a chur isteach agus leasú iomlán a dhéanamh ar an téacs

Tuairisc

Cuireadh an teideal 'Rialuithe' le hAirteagal 7 den tsonraíocht táirge.

Baineadh úsáid as téacs iar-Airteagal 7 chun Airteagal 8 a dhréachtú.

Tá tagairtí i dtéacs nua Airteagal 7 do na forálacha reachtacha lena rialaítear rialuithe i dtaobh an gcomhlíonann an táirge an tsonraíocht táirge nó nach gcomhlíonann.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Airteagal 8 den tsonraíocht táirge a bhaineann le lipéadú agus pacáistiú a chur isteach

Tuairisc

Cuireadh Airteagal 8, 'Lipéadú agus pacáistiú', isteach sa tsonraíocht táirge agus is leagan athbhreithnithe d'iar-Airteagal 7 é.

Bhí an méid seo a leanas i gceist leis na hathbhreithnithe a rinneadh ar an téacs a bhí ann roimhe seo:

— sonraíochtaí a bhaineann le toirt na bpacáistí a bhaint;

— an séala atá le húsáid ar phacáistí a shonrú, lena n-áirítear a dhearadh grafach;

— an fhoclaíocht a d'fhéadfadh a bheith ar lipéid a shonrú;

— sonraíochtaí maidir le greamáin a chur ar an táirge nuair a dhíoltar é scaoilte;

— sonraíochtaí dearaidh ghrafaigh a thabhairt isteach le haghaidh lógó an táirge;

— forálacha nach bhfuil i gcomhréir le dlí an Aontais a thuilleadh a bhaint.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha táirgí talmhaíochta

'Uva da tavola di Canicattì'

Uimhir thagartha AE: PGI-IT-1537-AM01 — 2.10.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Uva da tavola di Canicattì'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Iodáil

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

0806 10 10 - fíonchaora boird

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Tagraíonn an t-ainm 'Uva da tavola di Canicattì' do thriopaill fíonchaor boird de chuid shaothróg Italia, ar a dtugtar Pirovano 65, crosantach Bicane x Moscato d'Amburgo, freisin a chuaigh in oiriúint do shaintréithe sonracha ithreach agus aeráide limistéar geografach Canicattì agus an cheantair máguaird.

Nuair a scaoiltear iad lena dtomhailt, ní mór na saintréithe seo a leanas a bheith i bhfíonchaora thásc geografacha faoi chosaint 'Uva da tavola di Canicattì':

Triopaill: idir meánmhéid agus mór, cruth cóin/pirimide, scaoilte go hiomchuí, gan *millerandage*, aonfhoirmeach ó thaobh méide, crutha agus datha de agus droimín atá forbartha go comhchuí, sealgóg lignithe;

Caora: idir meánmhéid agus mór agus bíonn cruth sféaróideach/éileapsóideach orthu; bia briosc agus laíonach, milis lena ngabhann dea-bholadh muscach éadrom agus blas deas;

Dath an chraicinn: ó dhath buí éadrom go buí órga na tuí; **D'fhéadfadh roinnt spotaí beaga donna a bheith orthu.**

Méid siúcra: ar a laghad **17 gcéim Brix.**

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

-

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór gach céim i dtáirgeadh 'Uva da tavola di Canicattì' a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Nuair a scaoiltear iad lena dtomhailt, ní mór 'Uva da tavola di Canicattì' a dhíol trí úsáid a bhaint as pacáistíocht agus ábhair a cheadaítear leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm.

Ní mór coimeádáin a dhúnadh i gcónaí le séala ar a bhfuil an tsiombail a thuairiscítear thíos, ar bhealach lena n-áirithítear nach féidir an t-ábhar atá ann a bhaint amach gan an coimeádán a bhriseadh.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór na focail 'Uva da tavola di Canicattì' a bheith ar choimeádáin, agus na focail 'Indicazione Geografica Protetta' [Tásc Geografach faoi Chosaint], i gcló den mhéid chéanna, a bheith ann go díreach ina ndiaidh. Ní mór ainm, ainm gnó agus seoladh an phacáisteora a bheith sa réimse radhairc céanna. Féadfar an t-ollmheáchan ag an áit tionscnamh a chur in iúl.

Féadfar na focail 'Indicazione Geografica Protetta' a athlua in áit eile ar an gcoimeádán nó ar an lipéad, lena n-áirítear an t-acrainm 'IGP' [TGFC].

In aon chás, ceadaítear ainmneacha, ainmneacha gnó agus brandaí príobháideacha a úsáid, ar choinníoll nach ndéantar an táirge a moladh leo agus nach bhfuil siad de chineál a chuireann an ceannaitheoir amú; féadfar ainmneacha gabháltas nó fíonghort as a dtagann na fíonchaora iarbhír a thabhairt freisin.

Ní mór greamáin ar a bhfuil an tsiombail le feiceáil a chur le droimín 50 % ar a laghad de na triopaill atá i bpacáistí táirge a bheartaítear a dhíol scaoilte.

Ní mór an fhoclaíocht 'arna tháirgeadh san Iodáil' a bheith le feiceáil freisin ar bhaisceanna atá beartaithe lena n-onnmhairiú.

Cuimsíonn lógó an táirge na focail 'UVA da TAVOLA di CANICATTÌ'.

UVA da TAVOLA di CANICATTÌ
Indicazione Geografica Protetta

Tá an tsiombail le húsáid mar shéala ar phacáistí agus mar ghreamán ar dhroimín triopall atá i bpacáistí den táirge a bheartaítear a dhíol scaoilte:



4.7. *Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach*

Tá an limistéar táirgeachta comhdhéanta de na bardais uile i gcúigí Agrigento agus Caltanissetta ina bhfástar fíonchaora Italia, is iad sin an méid seo a leanas:

Cúige Agrigento: Canicattì, Castrofilippo, Racalmuto, Grotte, Naro, Camastra, C. Bello di Licata, Ravanusa, Favara, Agrigento, Licata, Comitini, Aragona, Palma di Montechiaro.

Cúige Caltanisetta: Caltanissetta, Serradifalco, Montedoro, Butera, Sommatino, Delia, Mazzarino, Riesi, Gela, S. Cataldo, Milena.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch leis an tionscnamh geografach bunaithe ar

☑ clú

☑ cáilíocht áirithe

☑ saintréithe eile

Achoimre ar an nasc

Tagann oiriúnacht agus sainiúlacht an limistéir gheografaigh chláraithe as sraith tosca a bhaineann leis an ithir, leis an aeráid agus le barra a fhágann gur féidir le saintréithe sainiúla an táirge teacht chun cinn. Tá tábhacht bhunúsach ag baint le teicnící speisialaithe a úsáid a fhágann gur féidir an táirge a bhuain thar thréimhse fhada ama agus a shaintréithe orgánaileipteacha sonracha á gcoinneáil ar bun an tráth céanna i ngnáthaeráid na Meánmhara a mbíonn tionchar aici ar iompraíocht barr áitiúil. Is é 550 m an airde uasta. Tá an limistéar fionnuar agus gaofar agus tá ithreacha donna cailcreacha ann. Tháinig an cineál fíniúna sin chun bheith cáiliúil mar gheall ar a cháilíocht ard shaintréitheach. Is leis an Iodáil a dhíoltar thart ar 60 % dá díolacháin agus díoltar an 40 % eile le tíortha Eorpacha agus le tríú tíortha.

Tugadh isteach an fíonchaor boird Italia (bunaithe ar an gcrosálach dá dtagraítear i bpointe 3.2 den doiciméad aonair seo) sa chéad leath den 20ú haois, agus tá an traidisiún fáis fíonchaor fréamhaithe go maith sa limistéar sin leis na céadta blianta.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.masaf.gov.it/flex/cm/pages/ServeAttachment.php/L/IT/D/1%252F6%252F1%252FD.cf5e71840a60b65183fa/P/BLOB%3AID%3D3343/E/docx?mode=download